

Mol Chorca Dhuibhne ag Fás

Foireann nua do ré nua

Daingean Uí Chúis, Éire: 25 Eanáir 2022. Mol Cruthaitheachta agus Nuálaíochta Chorca Dhuibhne – ag tógáil pobail chruthaithaigh, inmharthanaigh ar charbón íseal, agus ag cruthú ioncaim bhuan ar leithinis Chorca Dhuibhne.

Tá beirt nua tar éis teacht ar bord le Foireann an Mhoil i gCúilín le cúpla seachtain anuas: Tugann Hazel Blennerhasset, Bainisteoir Spás Oibre Chomhroinnte, agus Aodán Ó Conaill, Bainisteoir Cumarsáide, araon na blianta taithí leo isteach ina ról nua.

Tá Hazel Blennerhasset ag glacadh freagracht as foirgnimh agus áiseanna an Mhoil, agus tá taithí leathan aici timpeall ar bhainistiú réadmhaoine. Bhí an post is déanaí ag Hazel, gurb as Caisleán Ghriaire di ó dhúchas, le Fexco agus tá sí bródúil, go háirithe, as na tionscadail inmharthanachta go raibh sí i bhfeighil orthu mar Bhainisteoir Foirgneamh acu. Tá sí sáite in uasghrádú na n-áiseanna ag Mol Chorca Dhuibhne cheana féin, agus deireann sí:

“Tá sceitimíní orm tabhairt faoi na dúshláin a bhaineann le bheith ag obair leis an bhfoirgneamh níos sine seo agus é a dhéanamh chomh maith in Éirinn agus is féidir d'ár gcliaint a bhíonn á úsáid. Is spás oibre pobail é seo le gach saghas tionscadail iontaigh ar siúl ann, anuas ar ár gcuid tionscadal féin. Gach lá bíonn síolta á gcur laistigh d'fhallaí an fhoirgnimh seo a chuirfidh le fás ar fud na leithinse, rud a chiallaíonn gur áit ar leith é le bheith ag obair – cinnteoidh na hoibriúcháin uasghrádaithe atá á bpleanáil agam i mbliana go leanfaidh sin ar aghaidh.”

Tagann Aodán Ó Conaill ar bord leis an Mol agus cúrsaí cumarsáide mar chúram air, rud a chuimsíonn uasdátú an chuntas Twitter, insint d'iriseoirí faoi obair an Mhoil, agus gach saghas rud idir eatarthu. Tar éis dó filleadh chun cur faoi ar an Muirígh dhá bhliain ó shin, beireann sé leis a chuid taithí ó bheith ag obair ins an iliomad earnálacha,

postanna le Pairtnéireacht Forbartha Chiarraí Theas agus Radio Kerry san áireamh.

“Bíonn gach rud a bhíonn ar siúl againn bainteach le feabhas a chur ar thodhchaí mhuintir Chorca Dhuibhne, ó Chathair Uí Mhóráin siar go dtí na Blascaodaí. Mar thoradh air sin tá go leor dea-thoil inár leith, agus tá súil agam feidhm a bhaint as sin. Ba mhaith liom slí a aimsiú chun daoine a spreagadh i dtreo cumarsáide agus caidrimh le Mol Chorca Dhuibhne, bíodh sin ar-líne nó ar an bhfíorshaol, go háirithe maidir lenár dtionscnamh Corca Dhuibhne 2030. Más féidir linn é a chur ar shúile na ndaoine go bhfuilimid ag obair ar mhaithe a dtodhachaí siúd, tuigfidh siad go bhfuil i bhfad níos mó i gceist le Mol Chorca Dhuibhne ná deasc a thógaint ar cíós ar feadh lae!”

Beidh Maggie Breen ag cabhrú le Hazel agus Aodán agus iad ag dul i dtaithí ar a ról nua. Tá Maggie le Mol Chorca Dhuibhne ó 2019 agus bhí na dualgais seo ar fad mar chúram uirthi go dtí le déanaí. Tá sí anois dírithe isteach ar thacaíocht a chur ar fáil do phobal cruthaitheach na leithinse ina ról mar Bhainisteoir Tionscadal Cruthaitheach. Tá Maggie, atá ag cur fúithi i bParóiste Dhún Urlainn, tiomnaithe do bheith ag tacú le forbairt gnónna cruthaitheacha, le ceol, scannánaíocht agus beochan san áireamh, anuas ar réimsí eile nach iad. Tá sé seo bainteach le ceann de phríomh-chuspóirí an Mhoil: tacú le cruthú ioncam atá inmharthanach agus leordóthanach. Tá seo a leanas le rá ag Maggie:

“Tá faobhar orm caidreamh a chruthú le healaíontóirí agus siadsan atá ag obair sna réimsí cruthaitheacha atá ag lorg tacaíocht lena ngnónna. Ba mhaith linn iad a thabhairt isteach i ngréasán mar a mbeidh siad in ann tacú lena chéile.”

Tá an Mol in ann baill foirne nua a fhostú agus fás a chur faoi obair an Mhoil de bharr maoiniú gur éirigh leis an mBainisteoir Ginearálta, Deirdre de Bhailís, é a aimsiú le déanaí. Glacann Deirdre ceannas ar thionscnamh na dtionscadal atá dírithe ar an inmharthanacht. Is maith an comhartha é seo, leis, den rath a bhí ar obair an Mhoil go dtí seo, agus a bhfuil i gceist acu a dhéanamh sna blianta amach romhainn. Is é a deireann Deirdre, ó Cheann Trá, :

“Tá sé go hiontach a bheith in ann teacht ar iarrthóirí do na ról seo go háitiúil! Is breá an rud é chomh maith, go bhfuilimid in ann ioncam a chur ar fáil do dhaoine áitiúla a

bheadh orthu dul níos faide ó bhaile murach an obair seo. D'fhág Hazel agus Aodán araon a gceantar dúchais agus chaitheadar blianta sa Bhreatain, agus tá súil agam go mbeimid ábalta deiseanna a chur ar fáil ar an dóigh céanna do dhaoine eile gur mhaith leo filleadh ar a bhfód dúchais. Guím gach rath orthu, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár lucht maoinithe a chuireann na hacmhainní seo ar fáil dúinn toisc go gcreideann siad i Mol Chorca Dhuibhne agus Corca Dhuibhne 2030.“

Tuilleadh Eolais ach teagmháil a dhéanamh le Mol Chorca Dhuibhne ag www.dinglehub.com nó 066 9150140.

NÓTAÍ CÚLRA:

Faoi Mhol Chorca Dhuibhne

Bunaithe in Aibreán 2017, is é misean Mhol Chorca Dhuibhne ná pobal atá cruthaitheach, inbhuanaithe agus ionchuimsitheach a thógáil, ag tacú le héiceachóras éagsúil bríomhar de pháirtithe leasmhara chun éascú a dhéanamh ar chruthú agus cothabháil postanna ar phá maith a bheidh ann ó cheann ceann na bliana ar Chorca Dhuibhne. Bímid ag obair chun na cúinsí straitéiseacha atá ag teastáil roimh ré chun fostaíocht nua a chruthú faoi thrí phríomh-réimse:

1. Inmharthanacht agus Clár Oibre Glas
2. Claochlú Digiteach agus
3. Tionscail Chruthaitheacha

www.dinglehub.com

Deirdre de Bhailís

Is é príomh-fhócas Dheirdre de Bhailís, Bainisteoir Ginearálta Mhol Chorca Dhuibhne, ná pobal inmharthanach a thógáil trí ghréasán a chruthú a thacaíonn le cruthú fiontair agus fostaíochta i gCorca Dhuibhne. Bíonn sí ag tiomáint roinnt tionscadal chun cinn atá lárnach in aistriú an phobail go sochaí ar charbón íseal. Ina measc siúd tá forbairt tionscnamh iompair inmharthanaigh agus fiosrú timpeall ar an díleá anaeróbach mar réiteach ar an athrú aeráide.

Faoi Chorca Dhuibhne 2030

Bunaíodh [Corca Dhuibhne 2030](http://www.dinglepeninsula2030.com) go luath sa bhliain 2018 mar thionscnamh comhoibríoch ina bhfuil Mol Cruthaitheachta agus Nuálaíochta Chorca Dhuibhne, MaREI (Ionad Taighde Fuinnimh, Aeráide agus Mara de chuid Fondúireacht Eolaíochta Éireann atá faoi bhainistíocht Coláiste na hOllscoile Corcaigh), Lónraí BSL (atá i gceannas ar chóras dáiliúchán leictreachais na hÉireann) agus FCTTT (eagrais forbairt phobail áitiúil) páirteach. Bíonn na pairtnéirí ag comhoibriú go gníomhach lena chéile agus leis an bpobal áitiúil, scoileanna, lucht gnó, an córas iompair agus earnáil na feirmeoireachta chun éascú a dhéanamh ar na hathruithe sóisialta níos leithne atá de dhíth chun gur féidir linn aistriú go sochaí ar charbón íseal.

I measc na dtionscnamh go dtí seo bhí triaileacha fuinnimh baile, pleanáil pobail, díleá anaeróbach, trialacha ar fheirmeoireacht chliste, traenáil ar mheantóirí fuinnimh pobail, Haiceanna Aeráide sna scoileanna, agus tionscnamh iompair inmharthanaigh.

Tá Pobal Fuinnimh Inmharthanach Fheirmeoirí Déiríochta Chorca Dhuibhne bunaithe, anuas ar ghrúpa nua fuinneamh pobail.

Seoladh seirbhísí nua bus ar an leithinis go déanach in 2020 agus tá pleananna ann chun feithiclí Leictreacha a thabhairt isteach ar na bealaí seo sara fada.

Cuireadh 17 Feithicil Leictreach ar fáil do rannpháirtithe i dtriaileacha ar fud Chorca Dhuibhne in 2021 mar chuid de thriaileacha teicneolaíochta de chuid Lónraí BSL.

www.dinglepeninsula2030.com

Moil Nasctha (Connected Hubs)

Tá maoiniú Moil Nasctha a cuireadh ar fáil faoi Straitéis Forbartha Tuaithe an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ag cur ar ár gcumas feabhas a chur ar áiseanna ag Mol Chorca Dhuibhne, rud a chabhraíonn chun tacú le cruthú post inmharthanach leordóthanach i gCorca Dhuibhne.